Sochair atá i Sochair Thánaisteacha a d'fhéadfadh duine a bheith i dteideal iad a fháil mar go bhfuil íocaíocht dífhostaíochta á fáil acu.

Má tá duine ag fáil Sochar an Chuardaitheora Oibre (JB) nó Liúntas an Chuardaitheora Oibre (JA), d'fhéadfadh siad bheith i dteideal:

- Óna bhFeidhmeannacht Seirbhíse Sláinte (HSE) áitiúil (an Bord Sláinte roimhe seo):
  - **Forlíonadh Cíosa/Úis Mhorgáiste**
  - **Cárta Leighis**
  - **Cárta Cuairte don Dochtúir Amháin**
  - **Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua**
  - **Forlíonadh Aiste Bia**

- Óna n-oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh:
  - **Bónas na Nollag***
  - **Liúntas Breosla***
  - **Liúntas Breosla Neamhdheataigh****

- Óna nÚdarás Áitiúil:
  - **Cíos Difreálach**
  - **Scéim Lóistín ar Cíos (RAS)*****

*** Bónas na Nollag/Liúntas Breosla** – Tá Bónas na Nollag agus an Liúntas Breosla iníoctha le Liúntas an Chuardaitheora Oibre tar éis 390 lá, ach níl siad iníoctha le Sochar an Chuardaitheora Oibre.

****Liúntas Breosla Neamhdheataigh** – Tá an Liúntas Breosla Neamhdheataigh iníoctha le Sochar an Chuardaitheora Oibre nó le Liúntas an Chuardaitheora Oibre tar éis 13 seachtain i limistéir bhreosla neamhdheataigh.

***** Scéim Lóistín ar Cíos** (RAS) – Is do dhaoine atá ag fáil forlíonadh cíosa ar feadh tréimhse níos faide ná 18 mí atá an Scéim Lóistín ar Cíos, agus a bhfuil lóistín fádtéarmach ag teastáil uathu. Riarann na hÚdaráis Áitiúla í.